

## Uasdátú ón Aonad um Oideachas Gaeltachta don Choiste Comhairleach um Oideachas Gaeltachta

Dáta: Aoine, 7 Nollaig 2017

### 1. Buiséad 2018:

- Fáiltíonn an tAonad um Oideachas Gaeltachta roimh bhreis is dúbailt infheistíochta don oideachas Gaeltachta in 2018. Beidh an maoiniú á mhéadú faoi dhó ó aon mhilliún euro i 2017 go €2.3 mhilliún do 2018.

### 2. Nuashonrú ar ghníomhaíochtaí atá críochnaithe agus idir lámha:

#### An Scéim Aitheantais do Scoileanna Gaeltachta

- Tá 106 bunscoileanna (82%) agus 27 iar-bhunscoileanna (96%) gafa faoi láthair le próiseas na gníomhphleanála don fheabhsúchán, an chéad chéim den Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta.
- Is é an spriocdháta chun na pleananna gníomhaíochta a bheith seolta isteach chuig an Aonad um Oideachas Gaeltachta ná 31 Eanáir 2018.
- Thosaigh cruinnithe comhairliúcháin na Cigireachta i mí Mheán Fómhair 2017 tar éis do shraith seisiún FGL a eagrú agus Nóta Treorach do Scoileanna a eisiú. D'éagraigh foireann de sheachtar cigirí ar leith os cionn 133 cuairteanna comhairleacha chun tacú le scoileanna a bpleananna gníomhaíochta a fhorbairt ar mhaithe le cáilíocht an oideachais trí Ghaeilge agus an tumoideachas a neartú.
- D'éagraigh COGG seimineáir eolais do bhunscoileanna agus d'iar-bhunscoileanna ó mhí Mheán Fómhair 2017 ar aghaidh chomh maith le seisiúin do thuismitheoirí agus do phobail áitiúla. Tá dréacht-treoirínte deachleachtais á fhorbairt ag COGG chomh maith.
- Tá an tAonad um Oideachas Gaeltachta ag obair i gcomhpháirt leis an Roinn Cultúir Oidhreachta agus Gaeltachta agus leis an Roinn, Leanáí agus Gnóthaí Óige chun tacú leis an bplean gníomhaíochta atá á fhorbairt chun freastal ar riachtanais earnáil na luathbhlianta trí Ghaeilge.
- Tá an tAonad um Oideachas Gaeltachta i gcomhairle le Rannóga eile na Roinne le breathnú ar an tslí is fearr inar féidir dul i ngleic leis na dúshláin a bhaineann le scoileanna Gaeltachta ar na hoileáin.
- Eagraíodh ócáid i Scoil Náisiúnta Uí Ghramhnaigh, Ráth Chairn chun comóradh bliana ó seoladh an Polasaí don Oideachas Gaeltachta ar an gCeathrú Rua a cheiliúradh.

### **3. Tacaíochtaí breise chun an Polasaí a chur i bhfeidhm**

- I measc na n-acmhainní agus na dtacaíochtaí breise a chuirfear ar fáil do scoileanna a bheidh ag glacadh páirte sa Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta i 2018 beidh:
  - Deontas €1,000 ar fáil do gach scoil sa Scéim tar éis a plean gníomhaíochta a bheith faofa san Earrach chun na costais a chlúdach d'acmhainní breise
  - Uaireanta breise tacaíochta teanga ar fáil do na scoileanna sa Ghaeltacht atá rannpháirteach sa Scéim
    - Coibhéis 30 múinteoirí ag an mbunleibhéal
    - Coibhéis 10 múinteoirí ag an iar-bhunleibhéal
    - Beirt mhúinteoir breise lasmuigh den chuóta chun píolótú a dhéanamh ar chlár dhátheangach in iar-bhunscoil amháin chun tacú le scoláirí lena n-inniúlacht sa Ghaeilge a fheabhsú
  - Leanúint leis an maoiniú breise do COGG don bheirt oifigeach oideachais a ceapadh in 2017, do na sparánachtaí taighde, agus don chlúdach ionadaíochta do na múinteoirí a fhaigheann an oiliúint bhreise faoin Scéim
  - Pacáiste tacaíochtaí do na scoileanna eile sa Ghaeltacht nach bhfuil sa Scéim Aitheantais faoi láthair ach a roghnaíonn páirt a ghlacadh sa Scéim i 2018/19.
  - Cuairteanna comhairleacha breise ó Chigireacht na Roinne chun tacú agus spreagadh a thabhairt do scoileanna agus monatóireacht ar dhul chun cinn na scoileanna
- Eiseofar Imlitir nua faoi na chéad chéimeanna eile den Scéim Aitheantais do Scoileanna Gaeltachta don scoilbhliain 2017/18 in Earrach 2018.

### **4. Tionscadal píolótach do mhol ríomhfhoghlama**

- Tá spéis léirithe ag 11 iar-bhunscoil sa Ghaeltacht chun páirt a ghlacadh sa tionscadal píolótach ina ndéanfar iar-bhunscoileanna sa Ghaeltacht a chomhcheangal go digiteach chun raon na roghanna curaclaim trí Ghaeilge atá ar fáil do scoláirí in iar-bhunscoileanna Gaeltachta a mhéadú.
- Tá próiseas tairisceana tagtha chun críche le tús a chur le tionscadal taighde chun na féidearthachtaí agus na riachtanais don tionscadal píolótach seo a fhiosrú agus plean cur chun feidhme don tionscadal digiteach seo a chruthú ionas gur féidir é a chur i bhfeidhm in 2018.

### **5. Oideachas múinteoirí don earnáil lán-Ghaeilge agus Gaeltachta**

- Leanfar leis an maoiniú don dá phost breise a bronnadh ar an Máistreacht Ghairmiúil san Oideachas in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh i 2017 chun an soláthar múinteoirí ag an iar-bhunleibhéal a mhéadú agus chun a n-inniúlacht Ghaeilge a threisiú.
- D'oibrigh an tAonad um Oideachas Gaeltachta go dlúth leis an Oifig um Sholáthar Rialtais chun iarratais ar thairiscintí a fhorbairt do chlár B.Oid ceithre bliana trí Ghaeilge ag an mbunleibhéal agus do Mháistreacht M.Oid. in Oideachas trí mheán na Gaeilge agus Gaeltachta do mhúinteoirí bunscoile agus iar-bhunscoile, príomhoidí san áireamh
- Tá an tIarratas ar Thairiscintí ag céim dheiridh na forbartha anois agus foilseofar na doiciméid tairisceana ag tús mhí na Nollag. Déanfaidh an Roinn agus an Oifig um Sholáthar Rialtais an mheastóireacht ar an raon tairiscintí go luath sa bhliain nua.